

Más duine thú atá an-tugtha do chúrsaí spóirt, nó má tá fonn ort a bheith ag obair le daoine ag cur stíl shláintiúil mhaireachtála chun cinn, is fiú duit an bhileog seo a léamh. Tá níos mó cainteoirí Gaeilge ná riamh ag dul le gairmeacha san earnáil seo, atá faoi bhláth le blianta beaga anuas agus a bhfuil an-tábhacht ag baint léi. Tuigeann an saol mór an tábhacht a bhaineann le spás a chruthú do chúrsaí sláinte, folláine agus aireachais inár saol gnóthach. Tá gá le teagascóirí aclaíochta, traenáilthe pearsanta, teagascóirí ióga, comhairleoirí cothaitheacha agus a thuilleadh nach iad.

Seo thíos **samplaí** de na cúrsaí a bhaineann le Folláine agus Spóirt. **Ní dhéantar staidéar ar an nGaeilge mar chuid de na cúrsaí seo thíos, ach is fiú tuilleadh taighde a dhéanamh mar bíonn modúl roghnach Gaeilge ar fáil i gcoláistí áirithe.** Ná déan dearmad gur féidir leat do chuid Gaeilge a úsáid trí bheith páirteach i gCumann Gaelach an choláiste, más ann dó. Mar eolas: Baineann cuid de na cúrsaí seo le cúrsaí eolaíochta/ETIM (Féach Bileog 8).

Cód	Cúrsa	Cáilíocht	Institiúid/Ollscoil	Cód QR
LM090	Corpoideachas agus Gaeilge	BOid	Ollscoil Luimnigh	
CK125	Corpoideachas, Staidéar Spóirt agus Gaeilge	BOid	Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	
AU170	Eolaíocht Sláinte le Staidéar Fisiteiripe	Gnáthchéim Baitsiléara (Leibhéal 6)	ATU Dhún na nGall	
SE907	Bainistiú agus Cóitseáil Spóirt - CLG	BA	SETU Campas Cheatharlach	
DC204	Teiripe agus Traenáil Lúthchleasaíochta	BA	Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU)	
DN430	Bainistiú Spóirt agus Aclaíochta	BSc	Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath (UCD)	
LM100	Fisiteiripe	BSc	Ollscoil Luimnigh	
LM105	Bainistiú Aclaíochta agus Sláinte	BSc	Ollscoil Luimnigh	
CK504	Eolaíocht Chothúcháin	BSc	Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	
MT512	Eolaíochtaí Sláinte agus Aclaíochta le Teiripe Shuathaireachta	BSc	Campas Chiarraí, Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan (MTU)	
MH221	Eolaíocht Spóirt agus Sláinte	BSc	Ollscoil Mhá Nuad	
US789	Eolaíocht Spóirt Fheidhmeach le Spórt, Aclaíocht agus Cothú	BSc	Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne (TUS): Durlas	
US956	Teiripe Lúthchleasaíochta agus Athshlánúcháin	BSc	Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne (TUS): Baile Átha Luain	
AU321	Teiripe Lúthchleasa agus Athshlánú Aclaíochta	BSc	ATU Dhún na nGall	
C620 (cód UCAS)	Eachtraíocht Faoin Aer	BSc	Ollscoil Uladh	

Yoga Therapy Ireland: Ar mhaith leat a bheith i do theagascóir ióga? Is féidir leat ceann de na cúrsaí seo a dhéanamh, mar shampla:



College of Naturopathic

Medicine: Má tá spéis agat sna teiripí nádúrtha, féach ar na cúrsaí a chuirtear ar fáil sa choláiste seo. Is féidir dioplóma a bhaint amach:





Gavin Ó Cinnéide:
Imreoir Peile agus Mac Léinn

“Táim ag baint an-taitneamh as an gcúrsa Bainistíocht Aclaíochta agus Sláinte in Ollscoil Luimnigh. Thaitin an modúl Neart agus Aclú go mor liom mar tá sé an-tábhachtach don chaid agus do gach saghas spóirt sa lá atá inniu ann. Bíonn foirne ag lorg daoine chun obair leo agus seisiúin a dhéanamh leo trí Ghaeilge.

Ba mhaith liom a bheith im’ thraenálaí pearsanta amach anseo. Táim ag smaoineamh ar chúrsa dhá bhliain a dhéanamh le bheith im’ fhisiteiripeoir chomh maith. Ba mhaith liom fanacht sa Ghaeltacht amach anseo agus go mbeadh baint ag an nGaelainn le mo shaol oibre. Tugann an Ghaelainn deiseanna sa bhreis duit.”



Nell Ní Chíobháin:
Teiripeoir Cothaitheach
Nádúrapatach, Anam Nutrition

“Is Teiripeoir Cothaitheach Nádúrapatach mé agus cabhraim le daoine cneasú go nádúrtha trína gcuid bídh. Bhaineas amach céim san Eolaíocht Chomhshaoil in UCC, agus chuas thar n-ais ag stáidéar ar líne tar éis cúpla bliain. Anois, táim oilte ó CNM (College of Naturopathic Medicine).

Táim tar éis m’oifig fhéin a bhunú i gcroílár na Gaeltachta, agus is féidir liom déileáil le daoine áitiúla agus le daoine ar fud an domhain, ar líne. Táim breá sásta gur féidir liom obair ón mbaile, maireachtaint sa Ghaeltacht, agus go bhfuil deis agam obair trí Ghaeilinn. Ba mhaith liom fanacht sa Ghaeltacht amach anseo agus go mbeadh baint ag an nGaelainn le mo shaol oibre. Tugann an Ghaelainn deiseanna sa bhreis duit.”



Yoga le Naoise: Naoise Ní Bhroin

“Bhaineas céim amach san Eolaíocht Spóirt agus Sláinte ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, agus fuair mé cáilíocht mar mhúinteoir ióga. Bhí mé ábalta na scileanna sin uile a chur le chéile chun gairm a chruthú dom féin.

Tá deiseanna gan teorainn ann chun ióga a mhúineadh i mbunscoileanna lán-Ghaeilge ar fud Bhaile Átha Cliath agus na hÉireann. Tuigeann príomhoidí agus múinteoirí na buntáistí atá ann do dhaltáí nuair a bhíonn ióga mar chuid dá lá scoile. Tá éileamh ar ranganna ióga trí Ghaeilge i measc an phobail i gcoitinne chomh maith.”



Róisín Ní Riain,
Snámhaí náisiúnta
Parailimpeach. Tá BSc
san Eolaíocht Spóirt
á dhéanamh aici in
Ollscoil Luimnigh.

Siúlóidí ar Shlí Cholmcille

Pacáiste siúlóidí treoraithe lán-Ghaeilge ar Shlí Cholmcille i nDún na nGall. Tugtar deis do cuairteoirí blas a fháil ar thraidisiúin na háite agus ar oidhreacht Cholmcille, agus a bheith tumtha sa Ghaeilge. Tá na siúlóidí á reáchtáil ag Colmcille, Foras na Gaeilge i gcomhar le heagraíochtaí pobail aitiúla agus Oifigigh Pleanála Teanga.

Scéim Folláine agus Oilíúna

Chinn Meitheal Pleanála Teanga an Iarthuaiscirt i nGhaeltacht Dhún na nGall maoiniú a chur ar fáil le Scéim Folláine agus Oilíúna a sholáthar i gcomhar le CLG Ghaoth Dobhair do bhunscoileanna an Limistéir Pleanála Teanga. Faoin scéim, tá cóitseálaí oilte ag freastal ar 6 scoil sa LPT in aghaidh na seachtaine. Reáchtálann sé ceachtanna aclaíochta (seachas an pheil amháin) trí Ghaeilge do na páistí agus déanann siad plé ar aiste bia sláintiúil chomh maith.

Físeáin

Féile na gCloigíní Gorma (Glór na Móna) – Féile i mBéal Feirste a chuireann sláinte agus folláine an phobail chun cinn.



Seisiún ióga le hÁine Seoighe (Éalú Aran)



Missile Fitness – ionad aclaíochta in Iarthar Bhéal Feirste a bhfuil an Ghaeilge le cloisteáil ann

